Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1726

30.10.2025

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/1726 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 27 Meitheamh 2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 a mhéid a bhaineann le ceartú raon feidhme críochach na bhforálacha a bhaineann leis an mbreallach féithghearr agus leis an deargán**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 15(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1241 leagtar síos bearta teicniúla chun acmhainní iascaigh a chaomhnú agus éiceachórais mhuirí a chosaint. Déantar foráil in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis maidir le bearta teicniúla in Uiscí an Iarthuaiscirt agus in Iarscríbhinn VII le haghaidh bearta den sórt sin in Uiscí an Iardheiscirt ar an leibhéal réigiúnach.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 ón gCoimisiún ([2]) leasaíodh an 19ú hiontráil den tábla i gCuid A d'Iarscríbhinn VI agus an 20ú hiontráil den tábla i gCuid A d'Iarscríbhinn VII, chun Íosmhéid Tagartha Caomhnaithe de 36 cm a shocrú le haghaidh deargáin i bhfolimistéir 6 agus 7 ICES agus i bhfolimistéar 8 ICES faoi seach.

(3) Ba cheart raon feidhme chur i bhfeidhm na híosmhéide tagartha caomhnaithe de 36 cm le haghaidh an deargáin a shoiléiriú ós rud é nár sonraíodh leis an ngníomh tarmligthe sin raon feidhme críochach Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204, atá éagsúil le gníomhartha tarmligthe comhchosúla roimhe seo. In Uiscí an Iarthuaiscirt, ba cheart é a bheith teoranta d'fholimistéir 6 agus 7 ICES; agus in Uiscí an Iardheiscirt, ba cheart é a bheith teoranta d'fholimistéar 8 ICES. I bhfolimistéar 5 ICES agus i bhfolimistéir 9 agus 10 ICES (uiscí an Aontais) agus i limistéir 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2.0 CECAF (uiscí an Aontais), coinnítear ar bun an íosmhéid tagartha caomhnaithe de 33 cm. Ba cheart an soiléiriú sin a bheith i ngach leagan de na teangacha oifigiúla den téacs, agus ba cheart Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a cheartú dá réir.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 leasaíodh an 26ú hiontráil den tábla i gCuid A d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 chun an íosmhéid tagartha caomhnaithe le haghaidh breallaigh fhéithghearra i bhfolimistéar 8 ICES a athrú ó 35 mm go 32 mm. An 13 Eanáir 2025, chuir na Ballstáit earráid in iúl don Choimisiún nár cuimsíodh leis an leasú an tagairt don dronuilleog staidrimh 18E8 i bhfolimistéar 8 ICES (Imchuach Arcachon), i gcomhréir leis an moladh comhpháirteach.

(5) Tá an earráid sin le feiceáil i ngach leagan de na teangacha oifigiúla den téacs, agus ba cheart Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 a cheartú dá réir.

(6) Leis na bearta a thugtar isteach leis an Rialachán seo is infheidhme maidir le huiscí an Aontais, saothraítear na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 494(1) agus (2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ([3]) agus tabharfar aird ar na prionsabail dá dtagraítear in Airteagal 494(3) den chomhaontú sin. Tá siad gan dochar d'aon bheart is infheidhme in uiscí Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann.

([1]) IO L 198, 25.7.2019, lch. 105; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1241/2025-01-01.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an mbreallach féithghearr agus leis an deargán (IO L, 2024/3204, 31.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/3204/oj).

([3]) IO L 149, 30.4.2021, lch. 10; ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1241 a leasú dá réir,

(8) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh an bhreallaigh fhéithghearr agus an deargáin agus ar na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhaineann leo, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe. Toisc gur tháinig Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/3204 i bhfeidhm an 1 Eanáir 2025, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta sin freisin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní VI agus VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1241 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Meitheamh 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

(1) In Iarscríbhinn VI, Cuid A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an 19ú hiontráil sa tábla:

| | |
|---|---|
| 'An deargán (*Pagellus bogaraveo*) | 36 cm (*), (**) |

(*) Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe seo maidir le folimistéir 6 agus 7 ICES go dtí an 31 Nollaig 2025. Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe de 33 cm maidir le folimistéar 5 ICES.

(**) In éagmais rialacha nua arna nglacadh roimh an 31 Nollaig 2025, is 33 cm a bheidh san íosmhéid tagartha caomhnaithe is infheidhme ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.';

(2) In Iarscríbhinn VII, Cuid A, leasaítear an tábla mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an 20ú hiontráil:

| | |
|---|---|
| 'An deargán (*Pagellus bogaraveo*) | 36 cm (*), (**) |

(*) Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe sin maidir le folimistéar 8 ICES go dtí an 31 Nollaig 2025. Beidh feidhm ag an íosmhéid tagartha caomhnaithe de 33 cm maidir le folimistéir 9 agus 10 ICES (uiscí an Aontais) agus limistéir CECAF 34.1.1, 34.1.2 agus 34.2.0 (uiscí an Aontais).

(**) In éagmais rialacha nua arna nglacadh roimh an 31 Nollaig 2025, is 33 cm a bheidh san íosmhéid tagartha caomhnaithe is infheidhme ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an 26ú hiontráil:

| | |
|---|---|
| 'An breallach féithghearr (*Venerupis philippinarum*) | 35 mm (*) |

(*) Beidh feidhm ag íosmhéid tagartha caomhnaithe de 32 mm maidir le hImchuach Arcachon, Dronuilleog Staidrimh 18E8 i bhfolimistéar 8 ICES.'